



Coimisiún na Scrúduithe Stáit  
State Examinations Commission

**AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2010**

**AISTRIÚCHÁN  
AR SCÉIM MHARCÁLA**

**LÉANN CLASAICEACH**

**ARDLEIBHÉAL**

## **N.B. D'fhéadfadh pointí inghlactha a bheith sna freagraí seachas iad seo a liostaítear thíos.**

### **Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta**

#### **(i) 50 marc. Dealramh.**

Cé gur féidir leis an iarrthóir taobhú níos mó le rogha amháin seachas an ceann eile, nó an dá rogha a thabhairt san áireamh ar an gcothrom, ní mór a bheith ábalta bonn taca a chur le tuairim trí thagairt d'imeachtaí i saothar Túicídídéas. Ní gá don iarrthóir mioneolas ar oibriú an daonlathais san Aithin a léiriú.

Is féidir roinnt pointí ginearálta a chur ar aghaidh ag áiteamh go mba tairbhe an daonlathas. Bhí ar chumas an Chomhthionóil Peiricléas, an té ba chumasaí agus ba neamhleithleasaí de mhuintir na hAithine, a thoghadh bliain i ndiaidh bliana ina ghinearál. Daonlathar faoi cheannaireacht ón bpríomhshaoránach an cur síos a thugann Túicídídéas ar an Aithin. Is féidir a rá chomh maith go mba daonlathas iomlán (taobh amuigh de na mná a choinneáil amach) a bhí i gcóras na hAithine. Bhí de cheart ag gach saoránach fir páirt a ghlacadh sa díospóireacht agus vóta a chaitheamh mar gheall ar gach socrú agus tugadh an deis sin dó. Chothódh sin an meon cur go dlúth le chéile.

Ar an taobh eile den scéal, tharlaíodh ó am go chéile gur dona an stiúir a bhíodh faoin gComhthionól agus gur le teann sainte, aineolais agus amaidíochta a d'oibrítí.

I measc na n-imeachtaí is fearr a léiríonn buanna agus laigí an daonlathais, bheidís seo a leanas:

- An socrú glacadh leis na Coircíoraigh i gcomhghuaillíocht chosanta
- An díospóireacht faoi Mhítiléine ar léiríodh dea-thréithe an Chomhthionóil lena linn, chomh maith le gnéithe contúirteacha
- An daingne aigne nuair a coinníodh ar aghaidh ainneoin anachain agus tubaiste
- Ionchúiseamh Pheircléas
- Is léir ó chás Phulas agus Sfaictéiria go raibh deighilt agus grúpaí freasúra ag teacht chun cinn cheana féin sa Chomhthionól
- (Cléon – Nicias) (Nicias – Alcaibiaidéas a bhí i gceist ina dhiaidh sin)
- An tSluaíocht chun na Sicile – beart mí-stuama ag an gComhthionól iallach a chur ar Nicias, in aghaidh a thola féin, bheith ar dhuine de thriúr ceannairí ar an bhfeachtas agus ba chontúirteach ina dhiaidh sin aontú le níos mó loingis agus sluaite níos mó a chur chun bealaigh ná mar a beartaíodh ar dtús. Rinneadh neamhaird chomh maith d'éileamh go n-éireofaí as an bhfeachtas.

Tarraingíodh an Comhthionól ó chéile sa deireadh mar gheall ar na heachtraí a tharla anuas go dtí Coup na nOlagarcach agus lena linn, rud a d'fhág lag gan mhaith é. D'fhéadfaí a rá gur oibrigh an daonlathas go maith nuair a bhí ceannairí maithe ar fáil agus meas ag na saoránaigh orthu.

**(ii) (a) 35 marc. (12,12,11)**

Seo a leanas na heachtraí a raibh baint mhór ag Alcaibiaidéal leo:

- Bhí sé diongbháilte ag áiteamh gur cheart tabhairt faoin tSluaíocht chun na Sicile agus gur cheart é féin a bheith i gceannas. D'fhág sin in aighneas le Nicias é
- Milleadh na Hermai agus an t-amhras a bhí airsean dá bharr
- Thug sé cúl le cúis agus chuaigh i bpáirt le Sparta tar éis seal gairid i gceannas sa tSicil
- An cúnamh a thug sé do Sparta
- An pháirt a d'imir sé sna heachtraí anuas go dtí Coup na nOlagarcach agus lena linn

Ba chóir go ndéanfadh an t-iarrthóir tráchtadh orthu sin go léir cé nach gá go rachfaí chomh fada céanna leis an bplé ar gach ceann acu, ná chomh mion. Ní gá ach oiread gur neamhspleách ar a chéile a dhéanfaí an plé orthu ós maith a bheadh an dara heachtra, an tríú heachtra agus an ceathrú heachtra ag leanacht óna chéile. Ní gá ach eolas ginearálta ar Choup na nOlagarcach.

**(b) 15 marc. (8,7)**

Is féidir leis an iarrthóir cur ar son ceachtar den dá thaobh den chás ach ní mór a bheith ábalta bonn taca a chur le tuairim trí thagairt don téacs.

Beidh go leor nach síleann ábhar molta ina chuid iompair: an mhórchúis, an sotal agus an uaillmhian, a chuid scéiméireachta; an cúl le cine nuair a chuaigh sé ar thaobh Sparta agus an cúnamh a thug sé do mhuintir Sparta a chuaigh go mór chun aimhleasa dá chathair dúchais; an dallamullóg a d'imir sé ar feadh i bhfad ar mhuintir na hAithine sa tréimhse roimh Choup na nOlagarcach. Ar an taobh eile den scéal, bhí cumas thar na bearta ann mar fhear agus ba mhór an buille maidir leis an tSluaíocht chun na Sicile é a imeacht ó láthair.

**(iii) (a) 35 marc. Dealramh.**

Ní foláir cuntas soiléir cónastha chun marcanna arda a ghnóthú.

Ba chóir go léireodh an t-iarrthóir eolas ar ghluaiseacht agus ar chónaí shluaite Chléon agus shluaite Bhrasadais sular tharla an comhrac féin. Ba chóir go dtráchtfaí ar bhás gach aon cheannaire acu mar chuid den chuntas.

**(b) 15 marc.**

Tá luaite ag Túicídídéal gur fhág Cath Amphipolis an bheirt cheannaire, 'na fir ar an dá thaobh ba mhó a bhí i gcoinne na síochána', ar lár. B'fhusa go mór Síocháin Nicias a réiteach idir an dá thaobh de bharr bás na beirte. Nuair a cuireadh Cath Amphipolis ar arm na hAithine, bhí siad níos toilteanaí réiteach le arm Sparta agus ba mhór i gceist i gcónaí ag muintir Sparta na fir a ghéill ag Sfaictéiria a thabhairt ar ais slán acu féin arís.

**(iv) 50 marc.**

(Déantar plé an-mhaith sa Réamhara leis an aistriúchán Béarla a d'fhoilsigh Penguin ar shaothar Túcídidéas faoi dhea-thréithe an stairí ann.)

Ba é Túcídidéas an chéad stairí a chaith stró agus dua le fírinne an cháis a fháil amach maidir leis na heachtraí a raibh sé ag cur síos orthu agus dhiúltaigh sé géilleadh don chéad chuntas a tugadh dó. Chaith sé dúthracht le teacht ar an gcruinneas. Ciallaíonn sin nach spéis leis miotais agus finscéalta faoi dhéithe agus laochra agus gurb é is suim leis ina áit sin, fírinne an cháis de réir mar is féidir leis féin sin a chinntiú. Sampla maith de sin an cuntas a thugann sé ar an bplá nuair a chuireann sé ar neamhní an creideamh coitianta i measc an phobail i dtuar fáistine agus in oracail.

Cuireann an úsáid a bhaineann sé as óráidí agus aitheasca an-drámaíocht san insint agus is é sin an bealach a chleachtann sé chun cuspóir agus pearsantacht a chur in iúl chomh maith leis na cúiseanna éagsúla a bhí ag teacht i gceist le heachtraí.

Tá an fhuarchúis agus an ghéarcúis ag baint le Túcídidéas. Is rí-annamh a shánn sé aon ghné de féin isteach sa chuntas atá sé a thabhairt, cuntas a choinnítear neamhphearsanta neodrach den chuid is mó.

Tá sé ina mháistir ar an tráchttaireacht i gcás na n-eachtraí a mbaineann drámaíocht dáiríre leo - an tubaiste sa tSicil, an phlá, Mítiléine, Sfaictéiria le roinnt acu a lua. Téann sé ina bhun sin trí phointí mioneolais a chur le pointí mioneolais go mbíonn cuntas tréan mealltach curtha i láthair aige.

**Topaic 2. Alastar Mór.**

**(i) (a) 30 Marc. Dealramh.**

Ba chóir an chuid is mó den fhreagra a bheith ag baint le bás Fiolótas ó d'eascair bás Phairméiniún go díreach ó bhás a mhic. Dá réir sin, is é bás Fiolótas an t-eachtra is mó ba chúis le bás Phairméiniún. Ní foláir, ina dhiaidh sin féin, tagairt shonrach do Phairméiniún ag an iarrthóir. Go deimhin, d'fhéadfadh go raibh fonn ar Alastar le tamall maith Phairméiniún a chur as an mbealach.

Tá tráchtadh ar na himeachtaí a bhaineann le Fiolótas ag Arrianas (aistriúchán Penguin) ll. 191 -2 agus ag Plútarc (aistriúchán Penguin) alt 48 agus alt 49. Cuntas achomair ar bheagán mioneolais atá ag Arrianas. Ní deirtear ach go raibh eolas ag Alastar le fada go raibh Fiolótas ag déanamh uisce faoi thalamh ag iarraidh é a mharú ach nár chreid sé é. Chuir sé ina leith é agus d'admhaigh Fiolótas go raibh cloiste aige go raibh a leithéid ar bun agus nach raibh aon tuairisc tugtha aige air.

Téann Plútarc i bhfad níos mine sa scéal. Tráchtann sé ar an ngaisce agus ar an mórchúis a bhíodh ag Fiolótas agus an caitheamh anuas a dhéanadh sé ar Alastar; ar sheift Alastair fanacht lena sheans agus é a thabhairt sa trap; ar an gcomhcheilg a chuir Diomnas ina suí agus ar fhaillí Fiolótas nár thug aon tuairisc faoi; ar bheartaíocht Alastair ina dhiaidh sin nuair a gabhadh Fiolótas, nuair a

hoibríodh céasadh air agus nuair a cuireadh chun báis é. Tháinig feallmharú Phairméinión ina dhiaidh sin agus é á thabhairt i gcrích ar bhealach an-rúnda.

**(b) 20 marc.**

Ba chóir go mbeadh an t-eolas atá ag an iarrthóir ar an gcomhcheilg in úsáid sa fhreagra agus plé á dhéanamh arbh den chóir nó den éagóir a ndearna Alastar. Ní dhéarfaí gur áititheach an fhianaise atá ag Plútarc (ná go háirithe ag Arrianas) ar Fhiolótas a bheith ciontach.

**(ii) 50 marc. (15, 25, 10). (Arrianas ll. 161 -171) (Plútarc ll. 288 -292)**

Ba chóir go luaifí, maidir leis an ullmhúchán ar an dá thaobh, an chóir a chuir Dháirias ar an talamh ionas go n-oirfeadh dá chuid carbad speile agus an socrú a rinne sé a chuid fear a choinneáil in ord catha ar feadh na hoíche. Ar thaobh na Macadóine, tá socrú Alastair nach dtroidfeadh sé i rith na hoíche agus an cúl láimhe a thug sé le comhairle Phairméinión. Chomh maith leis sin, rinne sé comhairle Phairméinión taiscéalaíocht chúramach a dhéanamh ar láthair an chatha sula dtiocfaí i mbun troda. Is féidir leis an iarrthóir an rangú a tugadh ar an dá arm a lua freisin mar chuid den ullmhúchán.

**Cúrsa an chatha:** Ní mór don iarrthóir tuiscint ghlé ar chora an chatha i ndiaidh a chéile a léiriú ó na chéad inlíochtaí go dtí deireadh an chatha tar éis do Dháirias teitheadh. I measc na bpointí tábhachtacha, bheidís seo a leanas: gluaiseacht seasta Alastair ar thaobh na lámhe deise d'fhonn carbaid arm na Peirse a tharraingt ar thalamh garbh agus iarracht Dháirias deireadh a chur leis seo; tháinig troid bonn le bonn ina dhiaidh sin chomh maith le hionsaí na gearbad ar éirigh le harm na Macadóine é a shárú; réab Alastar ansin trí bhearna agus rinne ar Dháirias a thug na cosa leis. Ní raibh cúrsaí chomh réidh céanna ar thaobh na lámhe clé agus d'éirigh le cuid den namhad an líne a threascairt go dtí gur tháinig fir cúl taca ó ionad níos faide siar i gcabhair ar na fir chun tosaigh. Bhí ag dul cruá ar Phairméinión agus chuir sé scéal chuig Alastar go raibh cúnaimh ag teastáil. D'éirigh Alastar as an tóir ar Dháirias agus tháinig sé i gcabhair ar Phairméinión. Tháinig sé trasna ar chuid den troid ab fhíochmhaire i rith an chatha ach rinne sé an bealach. Idir an dá linn, d'éirigh le Phairméinión agus a chuid Teasálach an fód a sheasamh.

**Ar tháinig de bharr an bhua:** Nuair a chuir Alastar an cath air, ba bheag nárbh ionann sin dáiríre agus deireadh a chur le cumhacht agus stádas Dháirias. Nuair a theith seisean, d'fhág sé bealach ag muintir na Macadóine isteach i gcoílár na Peirse agus ag cathracha na Babalóine, Shúsa agus na Peirsipilise. Bhí tiarnas na hÁise anois aige gan aon agó.

**(iii) (a) 15 marc.**

(Arrianas l. 335) Theastaigh ó Alastar déanamh 'níos fearr ná mar a d'éirigh le Cíoras agus Semiramis a dhéanamh'; thrasnaigh an bheirt acusan Fásach na Geadróisia ach is beag nár cailleadh an dá arm ar fad ina bhun sin. Bhí Alastar ar an eolas faoi na deacrachtaí a bhain leis an aistear ach shíl sé go bhféadfadh sé teacht rompu agus iad a shárú. Bhí súil aige go bhféadfadh sé cumarsáid a

choinneáil idir é féin agus an loingear a bhí faoi cheannas Nearchus agus soláthar a dhéanamh dó trí dul an bealach áirithe sin. De réir cosúlachta, ba é ba mhó a bhí de chuspóir aige, bealaí taistil nua a thriail agus beart a dhéanamh a bhí cinnte ar dhuine ar bith eile go dtí sin. D'fhéadfaí a thuiscint freisin go mba bealach é chun pionós a chur ar a chuid fear mar gheall gur dhiúltaigh siad trasnú go dtí an India.

**(b) 35 marc.**

Is rídhócha gurbh é an tubaiste ba mhó é le linn réim Alastair fiú má táthar in amhras faoi na figiúirí a luaitear sna foinsí i ndáil le líon na ndaoine a fuair bás. Tugann Arrianas cuntas an-soiléir ar an uafás a bhain leis an aistear. Luaitear easpa soláthair agus, go háirithe, ganntanas uisce. Níorbh fhéidir an teas a sheasamh agus fuair ainmhithe bás mar gheall ar an teas chomh maith le daoine. Bhí an slua ar fad ar strae ar feadh laethanta fada. Thug maidhmeanna tuile cuid mhór daoine den saol.

Is deacair aon tubaiste ba mheasa a thabhairt chun cuimhne agus is beagnach cinnte gurbh ar Alastar a bhí an locht mar gheall air.

**(iv) (a) 10 marc.**

De réir Phlútairc, tuigeadh do Philib, athair Alastair, nach ngéilleadh a mhac dá n-oibreofaí an t-éigean air ach go bhféadfaí é a threorú dá rachfaí i muinín an réasúin. Bhí sé den tuairim chomh maith go raibh an t-oideachas a chuirfí ar Alastar róthábhachtach lena fhágáil faoi ghnáthmhúinteoirí. D'fhág an cháil a bhí ar Arastatail go mbeadh an-tóir air mar oide.

**(b) 20 marc. (10,10)**

Mhúin Arastatail 'prionsabail na heitice agus na polaitíochta' d'Alastar. Luann Plútarc an fhealsúnacht chomh maith leis sin, fiú amháin na cineálacha is doiléire di. Bhí an disciplín sin, ar beag ar fad an líon daoine a bhaineann tuiscint aisti, mar chuid den chúrsa oideachais ag Arastatail.

Spreag Arastatail an dalta freisin ionas go raibh meas ar feadh a shaoil aige ar 'gach cineál foghlama' agus spéis aige i gceird na hócshláinte. D'fhéadfadh gurbh é an bua is mó a d'fhág Arastatail ag Alastar an meas ar leabhair go ginearálta agus ar shaothar amháin go háirithe – an **Iliad** le Hóiméar. Tháinig Alastar go mór faoi thionchar an **Iliad**. Chodlaíodh sé lena chóip féin faoin bpiliúr aige agus choinníodh sé an chóip sin i gcumhdach breá a tógadh ó Dháirias.

**(c) 20 marc. (10,10)**

Thug Alastar fealsúnaithe (Callastainéas ina measc) in éineacht leis don Áise. Thaitníodh díospóireacht fealsúnachta go mór leis.

Is maith an fhianaise freisin an t-agallamh idir Alastar agus Diogenes. Bhí sraith cruacheisteanna freisin ann a chuir sé ar dheichniúr fealsúnaithe de chuid na hIndia. Tráth níos faide anonn, chuir sé Onesicritus chomh fada le fealsúnaithe eile san India. Tháinig Calanus, duine d'fhealsúnaithe na hIndia, i gcuideachta Alastair ar an turas ar ais chun na Babalóine. Ba eisean a chuir an fáthscéal i láthair Alastair ar bhain píosa seithe leis. Tráth níos deireanaí ná sin rinne sé íobairt de féin. Rinne Alastar gearán géar uair amháin go raibh Arastatail ag scaipeadh eolas fealsúnachta ar dhaoine eile.

### **Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.**

#### **(i) 50 marc. Dealramh.**

Bhí páirt mhór ag Clodius i gcúrsaí díreach roimh an cogadh cathartha idir Caesar agus Poimpé. Ní mór don iarrthóir eolas maith a léiriú ar an gcaidreamh a bhí idir Clodius agus an triúr ba mhó a tháinig i gceist, Cicearó, Caesar agus Poimpé. Bhain sé le ceann de sheanteaghlai na Róimhe (Claudii) ach chonacthas dó féin gurbh é polaiteoir an ghnáthdhuine é agus toghadh ina threabhann é roinnt uaireanta.

I mí na Nollag na bliana 62, chuaigh sé faoi rún, gléasta mar a bheadh bean, ag féile reiligiúnda na mban a bhí ar siúl i dteach Pompeia, a leannán (agus bean chéile Caesar). Cúisíodh é san eachtra sin ach lig na breithiúna saor é mar gheall ar bhreabaireacht agus imeagló. Bhí ailibí Clodius bréagnaithe ag Cicearó agus chrom Clodius ar dhíoltas a bhaint amach as sin. Fuair sé cúnaimh ó Caesar agus ó na daoine (trí arbhar a chur ar fáil saor in aisce) ionas gur díbríodh Cicearó. D'éirigh leis freisin Cato a chur go dtí an Chipir as an mbealach air.

Chuaigh sé in aghaidh Phoimpé ina dhiaidh sin, á chiapadh ó bhéal agus de lámh. Ní sheasfadh Caesar leis tar éis chomhaontú Luca agus chaith Clodius an chuid eile dá shaol ag achrann leis an drong a bhí ag Milo. Sa bhliain 52, d'fheallmharaigh Milo Clodius agus dhóigh na daoine teach an tSeanaid mar bhreocharn faoina chorp.

#### **(ii) (a) 40 marc. (20,20)**

Is é atá de rún ag Cicearó a áiteamh nach ceart do dhuine ar bith aimhleas duine eile a dhéanamh ar mhaithe leis féin. Feictear dó gur leor an daonnacht atá ionainn uilig mar chúis le 'leas gach duine faoi leith a bheith ionann le leas an uile dhuine.' Is é an sampla is mionsonraithe a chuireann Cicearó in úsáid cás Ghaius Canius, Rómhánach ar mhian leis teach a cheannach i Syracuse. Cuireann Pythius, an t-úinéir, i gcéill dó go bhfuil go leor éisc le fáil san uisce thart ar an teach. Ceannaíonn Canius an teach agus ní fada go dtuigeann sé go ndearnadh amadán de. Ina ainneoin sin, níl aon sásamh le fáil aige.

I measc na gcásanna eile a luaitear tá an praghas ard ar arbhar i Ródas mar gheall go bhfuil sé ina ghorta ar an oileán; ar chóir don fhear ionraic a fhaigheann eolas faoi seo buntáiste a bhaint as an gcás agus arbhar a dhíol sula bhfaigheann muintir Ródas amach go bhfuil soláthar mór arbhair ar an mbealach?

Ar an gcaoi chéanna, ar chóir teach a dhíol a bhfuil go leor lochtanna ceilte air?

Tá samplaí eile seachas sin sa sliocht. Ba chóir don scrúdaitheoir a bheith ag lorg eolas ar thrí cinn ar bith.

**(b) 10 marc.**

Tá Cicearó dearfa de nach ionann agus ceilt i gcónaí eolas a choinneáil chugat féin, ach gurb ea nuair is mian leat, ar mhaithe le buntáiste duit féin, nach mbeadh rud atá ar eolas agat féin ar eolas ag duine eile nuair ba é a leas é bheith ar an eolas faoi. Tá Cicearó neamhbhalbh go maith sa cháineadh atá aige ar nós dá leithéid. Ní mór don iarrthóir dul i ngleic le tuairim Chicearó. Baineann na ceisteanna seo le saol an lae inniu chomh mór céanna agus a bhain leis an saol le linn Chicearó.

**(iii) (a) 35 marc**

Cuireann Sallaistias an milleán ar "an dúil sa chumhacht ar dtús, agus san airgead ina dhiaidh sin ...". Leagann sé amach go mion an toradh uafásach a bhíonn ar an tsaint, an uaillmhian, easpa measarthachta. Ón uair nach raibh eagla feasta go bhfaigheadh namhad ón iasacht an lámh in uachtar, thosaigh na huaisle, an aicme ba chumhachtaí, ag baint mí-úsáide as an neart a bhí acu. Bhí cúpla duine a choinnigh smacht ar chistí, na cúigí, oifigí, glóir agus caithréim chucu féin. Leanann sé ar aghaidh go gcuireann milleán ar na huaisle mar gheall ar an gcaoi ar chaith siad le dreamanna ar nós na Gracchi a d'fhoilsigh na coireanna a bhí déanta ag na huaisle. Tháinig na huaisle i dtír arís ar an lámh in uachtar a fháil sa chás sin. Scriostar na náisiúin is cumhachtaí "nuair is mian le haicme amháin an ceann is fearr a fháil ar aicme eile ar bhealach ar bith agus ar gach uile bealach agus díoltas a gairt go ró-chruachróich orthu siúd atá cloíte acu."

**(b) 15 marc.**

Is é an fáth is mó a gcuirtear an milleán ar Shulla mar gheall gur éirigh sé go hiomlán as aon mheasarthacht sa chaoi ar chaith sé lena chomhshaoránaigh. D'fhonn dílseacht dó féin a chothú ina chuid saighdiúirí, lig sé dóibh maireachtáil ar a sócúlacht. D'imigh gach smacht a bhíodh orthu agus bhí siad ag goid agus ag creachadh gan aon bhaol go gcuirfí piónós orthu.

**(iv) (a) 35 marc.**

Déantar tráchtadh ar na heachtraí seo i mBeatha Chicearó le Plútarc (altanna 46 – 49). Tagann an eisreachtú i gceist leis seo agus ainm Chicearó a bheith luaite. Ba chóir go mbeadh ar chumas an iarrthóra cuntas ginearálta a thabhairt ar na hathruithe éagsúla a chuir Cicearó ar a chuid pleannanna agus go ba chóir go mbeadh tagairt éigin á dhéanamh do Quintus, deartháir Chicearó. Ní foláir cuntas cuimsitheach a thabhairt ar theacht na bhfeallmharfóirí i láthair agus ar na nóiméadacha deireanacha i saol Chicearó.



**(b) 15 marc.**

Féach Beatha Chicearó le Plútarc (alt 42 agus alt 43). Is cosúil go raibh amhras ag an mbeirt fhear ar a chéile riamh mar gheall ar an dá shlí mhaireachtála a chleacht siad a bheith chomh héagsúil sin.

Bhí inní ar Chicearó go bhféachfadh Antaine leis an gcumhacht iomlán a tharraingt chuige féin tar éis fheallmharú Chaesar agus bhí a fhios ag Antaine go raibh bá ag Cicearó le Brútas agus le lucht na comhcheilge. Fáth díreach a raibh an ghráin ag Antaine ar Chicearó nár tháinig sé i láthair ag cruinniú an-tábhachtach den Seanad tar éis d'Antaine an cruinniú a thionól. Chuir Antaine saighdiúir le tabhairt ar Chicearó a theacht i láthair. Thaobhaigh Cicearó ina dhiaidh sin le hOctáivian in aghaidh Antaine chomh maith, ar ndóigh, leis na Filipicí a thabhairt i gcoinne Antaine.

**Topic 4. Na Staraithe Rómhánacha.**

**(i) (a) 35 marc.**

Is iad seo a leanas na gnéithe is tábhachtaí den saol ag Iúlia: an tógáil a tugadh uirthi, na cleamhnais a rinne sí, (ní foláir Aigripe agus Tibir a ainmniú), an chaoi ar cloíodh í agus an bás a fuair sí. Tugtar an t-eolas i mbeathaisnéis Ágastas le Séatóinias. Ní mór don iarrthóir plé go maith leis na trí ghné deiridh chun marcanna arda a ghnóthú. Tá tábhacht faoi leith leis an bpósadh idir í féin agus Agrippa agus an pósadh idir í agus Tibir.

**(b) 15 marc.**

Is cosúil ón gcuntas a thugann Séatóinias gur chaith Ágastas go han-chruálach agus go mínádúrtha le Iúilia. Bhí a cuid iompair sise, ina dhiaidh sin féin, ag dul in aghaidh na ngnásanna a bhí seisean a chur chun cinn i ngnóthaí teaghlaigh. Ba chóir go mbeadh ar chumas an iarrthóra fianaise as cuntas Shéatóinias a lua mar bhunús leis an tuairim sa fhreagra.

**(ii) 50 marc. Dealramh.**

Ba cheart go rachadh an t-iarrthóir i ngleic leis an dá ghné den cheist i.e. cruinneas Thacatas i ndáil le fíricí faoi ré Thibir **agus** an leatrom in aghaidh Thibir mar is léir ón tuiscint a bhaineann sé as na fíricí. Maidir leis an gcéad ghné, ba chóir don iarrthóir roinnt eachtraí a lua, e.g. bás Ghearmánacas agus ar tháinig dá bharr, an triail mar gheall ar thréas, na feachtais sa Ghearmáin, Séanas agus a chuid coiriúlachta. Ina gcás sin ar fad, tugann Tacatas cuntas cruinn soiléir ar ar thit amach – agus is minic go dtéann sé an-mhion sa scéal. Níl aon fhianaise ann go ndearna sé aon chumadóireacht ná gur cheil sé aon ní.

Ina ainneoin sin, is minic nach ró-mhaith a thagann na fíricí a thuairiscítear agus an tuiscint ba mhaith le Tacatas a chur trasna le chéile. Tréith amháin a bhaineann go coitianta le Tacatas gur breá leis tuairisc a thabhairt ar luaidreáin nach í an deacháil a bheadh ar Thibir dá mbarr, fiú nuair nach bhfuil Tacatas á gcur i láthair mar fhíricí. Tugann sé le tuiscint go raibh baint ag Tibir le bás Ghearmánacas agus go

raibh sé gníomhach ag cur na dtrialacha mar gheall ar thréas chun cinn. Beidh tuiscint á léiriú sna freagraí maithe ar na cásanna sin agus ar dheismireachtaí eile a úsáideann an staraí, mar shampla rudaí a áiteamh nach bhféadfadh a bheith ar eolas aige.

**(iii) (a) 40 marc.** Féach Tacatas, *Annals* (Caibidil 9).

Ba cheart go gcuirfeadh an t-iarrthóir cuntas leanúnach ar fáil lena mbainfeadh cur síos ar na heachtraí is tábhachtaí ó shocraigh Messalina agus Silius dul ar aghaidh le searmanas pósta poiblí. B'shin é bun an scéil. Tá tábhacht faoi leith le páirt Narcissus, an seansclábhaí, chomh maith le hiarrachtaí buile Mhessalina dul chomh fada le Cláidias go n-áiteadh sí air éisteacht a thabhairt di. Ní mór freisin tráchtadh ar a bás go sonrath.

**(b) 10 marc.**

Tá iompar Chláidias áiféiseach. Athraíonn sé go tobann ó mhothúchán amháin go ceann eile: anbhá, scáth, fearg, trua dó féin agus, is cosúil, díchuimhne iomlán an dearmaid.

**(iv) (a) 30 marc.**

Ní mór don iarrthóir tráchtadh ar na pointí is tábhachtaí i réim Sheinice ó ceapadh ina theagascóir é ag an ógánach Néaró thart ar AD 50. I measc na bpointí tábhachtacha tá an comhar idir é féin agus Burras, an Maor Praetóireach, i rith bhlianta tosaigh réimeas Néaró nuair a chuiridís comhairle staidéir ar an rialtóir óg agus a d'fhéachaidís lena threorú.

Fear fealsúnachta agus reitrice a bhí i Seinice ach bhí sé dírithe go hiomlán ar airgead a shaothrú dó féin. Bhí sé ina chúlpháirtí, cé nach mba é a thoil go hiomlán é, i bhfeallmharú Agrippina a mbíodh sé ag cur in aghaidh an méid tionchair a bhíodh aici ar chúrsaí. Ba é Seinice a dhréachtaigh an míniú a thug Néaró don seanad ar an gcoir sin.

D'iarr sé cead ar Néaró éirí as an saol poiblí agus thairg sé a chuid saibhris dó ar an gcead sin. Níor thóg Néaró an t-airgead agus lig sé dó dul ar scor (go Campania). Roinnt blianta ina dhiaidh sin, luadh a ainm (gan fírinne, is dócha) i ndáil le comhcheilg a cuireadh ar siúl i gcoinne Néaró. Ligeadh dó lámh a chur ina bhás féin.

**(b) 20 marc.**

Tháinig oifigeach go dtí Seinice go gcuirfeadh sé ina leith a raibh d'amhras ag Néaró air. Bhí cosaint shoiléir ag Seinice i ndáil lena chuid iompair. Chuir Néaró an t-oifigeach ar ais lena chur in iúl dó go raibh piónós an bháis geartha air.

Séanadh cead ar Sheinice uacht a dhréachtadh. Bhí sé ag tabhairt sólais agus faoisimh dá chuid cairde agus ag áiteamh orthu maireachtáil de réir na fealsúnachta a bhí á cur chun cinn acu. Ní raibh a bhean sásta go dtí go bhfaigheadh sí féin bás in éineacht leis. Ghearr an bheirt trasna caol na láimhe. D'fhág an aois a bhí ag Seinice gur fada agus gur géar an bás a bhí sé a shaothrú agus ghearr sé trasna ag

na rúitíní freisin. D'iarr sé ar a bhean é a fhágáil. Nuair a bhí sé i bhfad ag saothrú an bháis, d'iarr sé ar an dochtúir nimh a thabhairt dó. Níor oibrigh sin agus is trí phlúchadh le folcadh gaile a fuair sé bás sa deireadh thiar.

## **Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.**

### **(i) 50 marc. Dealramh.**

Cé go bhfuil neart fianaise ann i dtaca leis an tuairim gur mar bhithiúnach de thíoranach a léirítear Séas, beidh tuiscint ar ghné eile a bhaineann le Séas le sonrú ar na freagraí is fearr ar fad.

Labhraíonn na carachtair go léir, an chuid a bhfuil bá acu leis agus an chuid nach bhfuil, faoi Shéas mar thíoranach. Is iad Neart agus Foréigean na tugaí aige, tá scáth ar Héafaestas agus Oceanus roimhe ar bhealaí éagsúla, fulaingíonn Io mar gheall ar an drúis santach atá ann, tá an lámh láidir á hoibriú ag Heirméas freisin ar a shon fiú más ar bhealach níos séimhe é agus, ar ndóigh, fulaingíonn

Proiméitéas go mór mar gheall ar Shéas freisin. Tá Aescaileas ag cur síos ar stát póilíní faoi smacht antrócaireach an aon deachtóra amháin ón tús. Is í an ghné eile ar chóir don iarthóir a bheith ar an eolas fúithi, cás na ndaoine a dhaorann Séas ionas nach mbíonn rompu ach saol dearóil go dtéann siad in éag. Pearsa do-fheicthe atá ann a bhfuil an fhuarchúis agus an bhagairt i gceist leis.

Ina ainneoin sin, tugann Aescaileas leide faoi thréith eile de chuid Shéas. Deirtear go dtiocfaidh an t-am a gcaithfidh sé go lách le Io agus go dtiocfaidh sé chun séimhe agus go mbeidh réiteach idir é féin agus Proiméitéas seachas an naimhdeas. Tugtar míniú de shórt ar an iompar bhrúidiúil mar gheall gur nuacht dó an chumhacht a bheith aige.

### **(ii) (a) 25 marc. Dealramh.**

Is sampla soiléir *Froganna* le Aristophanes den chaoi a bhféadfadh muintir na hAithine na déithe a adhradh agus eagla a bheith orthu rompu agus, ina ainneoin sin, fonóid gan náire a dhéanamh fúthu an tráth céanna le háiféis. Sa chéad ghníomh go háirithe is ceap magaidh agus áiféise atá in Dinísias. Tá éadach greannmhar air, é ina mheatachán agus is minic a théann sé ar an gcúlraid taobh thiar de Xanthias, an sclábhaí atá aige (nó a ligeann sé air féin gurb é Xanthias atá ann). Ba cheart go mbeadh ar chumas an iarrthóra mioneolas éifeachtacha a lua d'fhonn cur síos a thabhairt ar bhreallán meata (más geanúil freisin é).

Tagann athrú ar an léiriú sa dara gníomh. Is ábhar magaidh Dinísias i gcónaí ach faoin tráth seo tá cuspóir dáiríre le tabhairt i gcrích aige agus téann sé ina bhun go críochnúil.

### **(b) 25 marc. Dealramh.**

Ar an gcaoi chéanna, ní chuirtear Xanthias, an sclábhaí, i láthair baileach mar a bheadh súil againn leis. Síos tríd an gcéad ghníomh ar fad, is ciallmhaire, cróga agus eagraiteh é ná an dia atá ina mháistir aige. Sa chomhrá grinn a tharlaíonn eatarthu ó am go chéile, bíonn an sclábhaí gach pioc chomh tréan lena mháistir ach géilleann sé i gcónaí do Dhinísias sa deireadh. Is ag iompar ualaigh is mó a bhíonn sé (agus ag casaoid go seasta!). Bíonn páirt mhór aige sna heachtraí grinn ropánta

nuair a bhíonn céasadh a bhagairt orthu sa domhan thíos agus is ríchlíste an chaoi a gcuireann sé a mháistir i gcontúirt níos mó ná é féin. Is lú go mór an pháirt atá aige i nGníomh 2. Baineann Aristophanes úsáid as chun an cás ina bhfuiltear i Háidéas a chur in iúl sula dtarlaíonn an choimhlint idir Aescaileas agus Eoiripidéas.

**(iii) (a) 35 marc. Dealramh**

Nuair a tharlaíonn an chéad aighneas idir an bheirt a chuirtear na nithe seo i leith Iasón agus a bhréagnaíonn seisean iad. Áitíonn Méidé gur shábháil sise ón mbás é nuair a bhí sé ag iarraidh Lomra an Óir a fháil tríd an péist a mharú; chuir sí dallamullóg ar a hathair agus shocraigh sí go ndéanfaí Pelias a fheallmharú. D'iompair sise a chuid páistí. Tá de bhuíochas aige uirthi í a chur uaidh agus bean eile a tharraingt chuige féin. Tá sise agus a chuid leanaí tréigthe aige. Ta gach móid a rinne sé sáraithe aige. Thug sé mionn éithigh. Thréig sé an chéad teaghlach agus d'fhág sé ag lorg déirce iad ar thaobh an bhóthair. Cuireann Iasón ina haghaidh go mion agus go staidéarach. Séanann sé nach raibh sé buíoch di trína rá gur fíor go mba cabhair í ach gur ar Afraidíte is cóir an buíochas ó tharla gur mar gheall ar an ngrá (paisean gan smacht) a d'oibrigh Méidé. Luann sé gur mó go mór a bhí aicise uaidhsean ná mar a bhí aigeasan uaithi. Tá sí anois i dtír sibhialta ina n-aithnítear an cumas atá inti agus ina bhfuil meas uirthi dá bharr. Séanann sé go tréan gur thréig sé ise ná an chlann mhac. Ní thréigfidh sé ise ná an chlann mhac. Is é a mhalairt é, is d'fhonn cinnteacht agus saol compordach saor ó bhochtaineacht a bheith acu an pósadh nua a rinne sé. Tá i gceist aige go gcaithfear ar an gcaoi chéanna lena chlann mhac agus a chaithtear le haon chlann eile a bheadh air ina dhiaidh seo. Séanann sé gur ar mhaithe le haon bhean a phós sé agus cuireann sé an milleán faoin bpraiseach ar fad ar Mhéidé féin. Díol suntais nach ndéanann Iasón aon chúiteamh i ndáil leis an sárú móideanna a cuireadh ina leith. Áitíonn Iasón gurb í Méidé a tharraing an deoraíocht uirthi féin.

**(b) 15 marc. (8,7)**

Léiríonn Iasón go bhfuil fuath aige do mhná. Maireann de cháil air gurb é a deir "Dá mbeadh bealach eile ann chun leanaí a fháil, gan call leis an mbantracht! Dá mbeifí gan bean ar bith ar an saol, ní bheadh crá ar bith i saol an duine." Is é meon atá aige i leith Mhéide agus Ghlauce, an bhean nua, go bhfuil sé féin ar chéim níos airde ná iad. Caitheann sé uasal le híseal le Glauce agus tá sé dall ar fad ar an gcontúirt a bhaineann le Méidé.

**(iv) 50 marc. Dealramh.**

Ba cheart go léireodh an t-iarrthóir tuiscint ar an bpáirt atá ag Iocasta síos tríd an dráma agus ar a léirítear tríd sin faoina carachtar. Is dócha go gcaithfear an chuid is mó de na freagraí ag plé leis an ról ach ní mór tráchtadh éigin a bheith ann ar an gcarachtar.

De réir dealramh is é an príomhról atá ag Iocasta a bheith ina bean ag Éideapús. Go dtí an deireadh ar fad is cás léi eisean agus a leas-san. Suaimhníonn sí é tar éis

na n-argóintí géara le Tiresias agus Créón agus, ina bhun sin di, tugann sí le fios an rud a tharla den chéad fhear pósta aici ag áit ina dtagann trí bhóthar le céile.

Is ise freisin a chuireann amhras in iúl maidir le fiúntas oracal agus tairbhe tairngreachtaí. Is cás léi Éideapús go dtí an deireadh thiar nuair atá sí ag impí air éirí as an gcuardach maidir lena shinsearach. Is minic a bhíonn sí chomh mór ina máthair agus atá ina bean céile. Bíonn sí ina cara rúin aige. Tugann sí sólás dó agus spreagann sí é.

Is í an bhean síochána í agus an céile dílis ó thaobh carachtair. Tá sí tréan mar bhean freisin, gan aon fhaitíos uirthi tabhairt faoi na fáithe (Tiresias ina measc). De réir an chur síos a thugann Créón uirthi, tá sí ar aon chéim le hÉideapús agus leis féin ag rialú na Téibhe. Tá sí docht daingean ina seasamh i leith na hargóinteachta idir a deartháir agus a mac/fear céile.

## Topaic 6. An Eipic Ársa.

- (i) **50 marc. Dealramh. 35 marc** ar a mhéid sa chás nach bpléitear na mná aimsire.

Ní mór don iarrthóir tráchtadh ar na suirígh agus ar na mná aimsire sa fhreagra cé gur dócha gur mó an bhéim a bheidh ar ar tharla do na suirígh mar go bpléitear i bhfad níos mó leis an ábhar sin san *Odaisé* féin.

Ba chóir go léireofaí eolas ar ar tharla do na suirígh agus do na searbhóntaí mná sa fhreagra chomh maith le cumas dul i ngleic leis an gceist faoin bpíonós a bheith cóir nó éagórach.

Beidh plé i bhfreagraí maithe leis an gcaoi ar chaith na suirígh le Penelope agus Odaiséas as láthair, lena n-iarracht Telemachus a fheallmharú, leis an mí-úsáid a bhain siad as a theach agus an íde a thug siad do na searbhóntaí, leis an gcaoi a ndearna roinnt de na searbhóntaí mná gaisce go follasach faoin gcuidreamh a bhí idir iad agus na suirígh agus leis an gcaoi ar chaith siad le dímhéas le Penelope agus daoine eile. Ina dhiaidh sin, tá an cheist le plé an raibh píonós chomh huafásach agus a cuireadh orthu tuillte leis an iompar sin ar fad. Sna freagraí is fearr, tabharfar gnás agus meon na linne sin san áireamh.

- (ii) **50 marc. Dealramh.**

Ba cheart go mbeadh eolas ag an iarrthóir ar na príomhbhearta a dhéanann an bheirt ógánach sa dá dhán, faoi seach, chun comparáid suntasach a dhéanamh eatarthu.

Is é an pointe is follasaí gur mó go mór an ról atá ag Telemachus san *Odaisé* ná mar atá ag Ascanius san *Aeinéid*. Tá sé i bhfad níos sine (go deimhin is ceist achrannach go maith í an aois atá ag Ascanius) agus is cinniúnaí go mór an pháirt atá aige i réiteach an aighnis in Ithaca ná mar atá ag Ascanius i Latium. Ní hionann ach oiread an caidreamh atá idir an bheirt athar agus an bheirt mhac: níl an chineáltacht chéanna idir Aeineás agus Ascanius cé go dtuigtear go láidir d'Aeineás go bhfuil dualgas air i leith a mhic ó thoghail na Traí gur briseadh ar na Laidnigh.

Ar an gcaoi chéanna, ní hionann an ceangal idir Telemachus agus a mháthair agus an caidreamh idir Ascanius agus na mná i saol Aeineas. Faigheann Creusa, máthair Ascanius, bás luath sa scéal; níl aon pháirt mhór ag Díodó ná ag Lavinia ina shaol. Bíonn cabhair ag an mbeirt acu óna déithe atá ina bpatrúin acu.

Tá cosúlacht idir na bealaí ina dtéann na fir óga chun aibíochta síos tríd an dá eipic. Tagann Telemachus in inmhe le linn na n-aistear go Pulas agus go Sparta agus glacann Ascanius níos mó freagrachta air féin sna leabhair is déanaí den Aeineid. Glacann Ascanius ról ceannródaíochta air féin i gcosaint an champa i Leabhar 9 chomh maith le Nisus agus Euryalus a ghríosú. (D'fhéadfadh 'bandéithe' a bheith san áireamh le 'déithe'.)

**(iii) 50 marc. Dealramh.**

Beidh le sonrú ar na freagraí is fearr go bhfuil eolas ní amháin ar Iúnó ach ar réimse de na déithe eile (Véineas ar ndóigh, ach ar a laghad roinnt eile de Iúpatar, Mearcair, Neiptiún, Bulcán). Go deimhin, taobh amuigh d'Iúnó, tá na déithe móra eile ar thaobh lucht na Traí.

I ndáil le marcanna arda, ba chóir go léireodh an t-iarrthóir tuiscint áirithe chomh maith ar ról na ndéithe i réimse níos ginearálta. D'fhéadfadh go dtiocfadh i gceist leis sin an ladar a chuireann siad go fuarchúiseach, agus beagnach ar nós cuma liom, i saol na bhfear agus na mban d'fhonn cur lena stádas agus lena gcuid díomais féin (e.g. Iúnó agus Véineas le Díodó agus Turnus), an cur isteach rialta ar mhaithe lena rogha féin duine, an iomaíocht a bhíonn idir na déithe féin, an meon atá acu i leith na Cinniúna. Tá neart fianaise ann ar naimhdeas Iúnó agus is féidir leis an iarrthóir roinnt de na bearta is mó a rinne sí a roghnú (an stoirm i Leabhar 1; sáinniú Dhíodó; dó na long i Leabhar 5; gríosú Turnus )

**(iv) 50 marc. Dealramh.**

Is í Medb mar charachtar sa *Táin* atá buntábhachtach maidir le freagra éifeachtach a thabhairt ar an gceist seo. Tá sise éagsúil go mór le haon charachtar mná san *Aeineid* nó san *Odaisé*. Tá mianach an cheannasaí inti, í inchurtha go héasca le fear ar bith. Go deimhin, tá sárú na bhfear ar fad inti maidir le diongbháilteacht agus údarás agus is rí-annamh nach n-éiríonn léi an ní atá uaithi a fháil. Níl aon leisce uirthi an chollaíocht a úsáid le haghaidh a cuid pléisiúir féin agus le haghaidh an rud atá uaithi a thabhairt i gcrích. Is mór idir a cuid tréithe agus tréithe Phenelope, an príomhcharachtar mná ag Hóiméar. Máthair agus bean chéile cheanuíl ise chomh maith le bheith ina bean chliste éirimiúil, ach ní rialtóir ceannasach atá inti. Is ceannaire críochnúil a bhfuil urraim di í Díodó ar dtús agus bean mhisniúil ar éirigh léi cathair nua a chur ar bun, ach, barr ar an mball séire, ní fada a leanann mar sin ó chuireann na déithe a ladar ina cás. Is í Circé is gaire do Mhedb sna heipicí Clasaiceach ó thaobh a meon i leith na bhfear agus a cuid tréithiúlachta.

**Topaic 7. Scríbhneoirí Ré Ágastas.**

- (i) Tuigfidh an scrúdaitheoir go bhféadfadh cuid de na hiarrthóirí tagairtí do Phroipeirtias mar fhear agus tagairtí dó mar leannán a thabhairt in éineacht. Cé

go bhfuil sin inghlactha, ba chóir an bhéim a bheith go soiléir ar ghné amháin nó ar an gceann eile i ngach cás.

**(a) 25 marc.**

Is féidir leis an iarrthóir an léiriú ar Phroipeirtias mar fhear a bhunú ar roinnt dánta. Ar na gnéithe den fhear is féidir a léiriú, tá an fiúntas a bhraitheann sé ann féin mar fhile, rud a bhfuil sé an-dáiríre faoi (e.g. *Two Requests*); an meon atá aige i leith na cogáiochta (*Love and Peace*), anbhuaine an tsaoil (*Cynthia*); an acmhainn grinn atá ann (*Gone to Clitumnus, Susceptibility*); an tuiscint atá aige don pháirt atá ag cúrsaí grá i ngnóthaí an duine. Léirítear dúinn sna dánta seo fear a bhfuil acmhainn grinn ann agus cumas gáire a dhéanamh faoi féin, fear paiseanta ar den nádúr ann dul thar fóir.

**(b) 25 marc.**

Tá tréithe Phroipeirtias mar leannán le sonrú go glé ar chuid mhór de na dánta dualgais. Tá an chuid sin ann a bhaineann le Cynthia go háirithe chomh maith leis an gcuid a mbaineann an grá go ginearálta leo. Sa chéad chineál, tá Proipeirtias go hainmhianach ina diaidh, as cuimse ar fad beagnach, (*Two Requests, Gone, Cynthia is Dead, Cynthia*). Bíonn sé ag éad agus ag fulaingt freisin mar gheall ar bheith in imní cuid mhór den am nach bhfuil gean ag Cynthia airsean mar atá aige uirthi. Tá an díocas a bhaineann lena chuid collaíochta le sonrú freisin (*Cynthia*) agus tá gnéithe den *macabre* ag baint leis an aisling a thagann chuige de Cynthia á loscadh i dtine na sochraide. Maidir lena thréithe mar leannán ag mná go ginearálta, tá sé i bhfad níos réchúisí (*Susceptibility*).

**(ii) (a) 30 marc.**

Cuntas soiléir comhleanúnach ar an eachtra atá de dhíth. Ba cheart go luaifí na gnéithe buntábhachtacha ar fad.

**(b) 20 marc.**

Ba chóir go léireodh an t-iarrthóir léargas áirithe ar an acmhainn ealaíne atá in Veirgil i mbun an scéil seo. Ar choinníoll go mbíonn bonn fianaise ón dán ag gabháil leis na pointí, is féidir tráchtadh ar an 'drámatacht' agus ar an 'gcorraitheacht' araon ar bhealach ginearálta go maith agus is féidir cuid de na tagairtí a bheith ag baint leis an dá rud in éineacht.

I measc na bpointí inghlactha, bheadh siad seo a leanas: an deismireacht a mbaineann Veirgil leas as ag caint go díreach le hEoraidicé ag amanna (“tusa, a bhean chóiriúil ...”); an chaoi a gcruthaíonn sé atmasféar gruama truamhéileach (líon neamhtheoranta na n-anamacha in Háidéas ach, go háirithe, an bhéim a dhíríonn sé ar an té atá lag, ar an óige, ar an té nach bhfuil sásamh sa saol dó). Arís, tá an drámatúlacht a bhaineann le cailleadh Eoraidicé an-ghéar agus cuireann Veirgil an caoineadh i nglór Eoraidicé féin. Láimhseáiltear titim Oirféas in éadóchas go drámatúil.

**(iii) (a) 35 marc.**

Léirítear go maith sna dánta seo a leanas meon Horáit i leith an bháis agus ghiorracht an tsaoil ar féidir déileáil leo mar nithe: *Gather ye Rosebuds, Enjoy the Present Hour, A Quiet Life, We All Must Die, Cease to Mourn, Enjoy Your Possessions While They are Yours, Ode to Spring.*

Is iad na smaointe bunúsacha sna dánta seo nach féidir fios a bheith ag duine cad tá i ndán lá ar bith ná cén fad atá fanta sa saol againn. Ba chóir dá bhrí sin sásamh a bhaint as gach uile lá agus as ár gcairde, fion agus na nithe atá inár seilbh. Dearcadh gruama atá ag Horáit i leith an chéad saol eile. Níl le tuiscint go bhfuil aon sonas sa domhan thíos.

**(b) 15 marc.**

Is é an difríocht is mó go bhfuil dearcadh Phroipeirtias i leith an bháis ceangailte go rídhlúth leis an ngean atá aige do Cynthia. Tá sé ag áiteamh uirthi an grá dá chéile a shnadhmadh an fhaid agus atá siad óg (*Cynthia*). Ar an gcaoi chéanna, tá an dearcadh atá aige ar an mbás ceangailte leis an bhfís uafáis a thagann chuige de Cynthia á loscadh. Is mian leis go mairfeadh a cháil i ndiaidh a bháis.

Tá an bás agus giorracht an tsaoil mar chuid dlúth den fhealsúnacht atá ar Horáit ar an saol. Maireann sé lán eolais faoi chomh héidearfa agus chomh gairid agus atá saol an duine.

**(iv) (a) 30 marc.**

Ba chóir go mbeadh ar chumas an iarrthóra leas a bhaint as eolas ar eachtraí roimh Chath Cannae, le linn an chatha agus ina dhiaidh agus na difríochtaí idir chur síos Livias ar an mbeirt cheannaire a shonrú.

Tugann Livias cuntas cothrom ar argóintí na beirte roimh an gcath. Luaitear faoin mbeirt acu go raibh siad ag cur amú ama, "ag argóint seachas ag déanamh comhairle". Roghnaíonn Varro dul chun catha ainneoin nach n-aontaíonn Paulus leis sin. Nuair a thagann sé chomh fada leis an gcath, ina dhiaidh sin féin, tugann Livias léargas i bhfad níos moltaí ar Phaulus. Gortaítear go dona é tar éis seasamh cróga an laoi sa chath. Leanann sé air i mbun ceannaireachta ar na fir. Moltar dó é féin a thabhairt slán ach tugann sé aitheasc iontach ag diúltú sin a dhéanamh. Maraítear é go gairid ina dhiaidh sin. Tugann Varro na cosa leis as an gcath.

**(b) 20 marc.**

Is leor cuntas soiléir ar oirbheartaíocht (teaicticí) Hannibal chun marcanna arda a ghnóthú. Ba chóir go mbeadh tráchtadh ar na ranganna catha ar an dá thaobh mar chuid den chuntas agus tagairt faoi leith don eagar catha i líne chuartha a chuir Hannibal ar a chuid coisithe agus an úsáid a bhain sé as an marshlua.



**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.**

**(i) (a) 5 mharc. Amfara.**

**(b) 10 marc.** Crúscaí le haghaidh fíona. Is féidir leis an iarrthóir an úsáid a bhaintí astu mar dhuaiseanna ag an bhFéile Phanaithneach a lua freisin.

**(c) 15 marc. (5,5,5) -5 sa chás nach ndéantar aon tagairt d'oiriúnacht an radhairc.**

Babhta dornálaíochta agus fear chomh maith leis an mbandia Aitéiné ag faire air. Tá an t-amfara fadaithe go maith. Ó thaobh maisiúcháin, níl mórán ornáidíochta i gceist. Tá an bonn simplí, dath dubh air le banda tanaí bán. Tá lámha snasta, cé gur simplí iad, leis an scrogall. Deir Richter (l. 355) go bhfuil an t-amfara níos fadaithe ná bhíodh roimhe sin, go bhfuil Aitéine tarraingte i stíl bhréagársa, ach go bhfuil an léiriú ar an gcoimhlínt sa stíl shaor a chleachtaí ag an am sin.

**(d) 20 marc. (10,10)**

Dheintí an maisiúchán nuair a bhíodh an chré crua. Chlúdaí an dromchla le leachtbhrat tanaí a d'fhágadh dath snasta saghas dearg air. Phéinteáiltí an t-ábhar dearaidh mar shnáthchruth dubh le mionobair ghreannta agus dathanna bán agus dorcha dearg mar dhathanna breise ag gabháil leis an dubh.

**(ii) (a) 15 marc. (8,7) Afraidité (Véineas) as Knidos; Praxiteles.**

**(b) 5 marc.** An 4<sup>ú</sup> Céad nó an Ré Clasaiceach Deireanach.

**(c) 30 marc. (10,10,10)**

Is tréithe ar de chuid na linne iad an léiriú bog a thugtar ar fheoil an duine, an chothromaíocht réidh, suaimhneas sámh an bhandia, an chóir nádúrtha rédheartha gan áibhéil a thugtar ar an éadach, "an fhéachaint ó na súile glé gealgháireacha a bhogfadh an croí" (Plinias).

**(iii) (a) 5 mharc. Karyatid.**

**(b) 10 marc. (5,5).** Bhí sé ina cholún san Erectheion.

**(c) 15 marc. (5,5,5)**

Beidh an scrúdaitheoir ag lorg cur síos lena mbainfidh trí cinn de ghnéithe ar a lagadh: an leagan amach neamhrialta a tugadh ar na trí sheomra ar leibhéil éagsúla, póirse an Karyatid, colúin sa stíl Iónach, na colúin páirtfhostaithe ar an aghaidh thiar, an fríos dealbhadóireachta leis an taobh amuigh mar a bhfuil dealbha marmair greamaithe le haolchloch dhubh, an maisiúchán álainn ailtireachta.

**(d) 20 marc. (5 i ndáil leis an tréimhse/ré; 8,7 i ndáil le cúiseanna)**

An ré clasaiceach nó an dara leath den 5<sup>ú</sup> Céad RC. 3 mharc i ndáil le haon tagairt eile do Clasaiceach.

Is tréithe de chuid na linne sin: an nádúrthas de réir mar atá máistreacht faighte ag dealbhadóirí ar léiriú fírinneach a thabhairt ar cholainn an duine ina sheasamh

nó faoi ghluaiseacht; an léiriú séimh sámh ar fhigiúr duine nó dé; an chóir chruinn a thugtar ar éadach. Is eiseamláir an dealbh seo den stíl chlasaiceach idéalúcháin. Is de shaintréithe na deilbhe seo freisin an staidiúr réidh cothrom.

**(iv) (a) 20 marc. (4 x 5)**

Is iad siantréithe an teampaill Dóraigh go hiondúil: peiristíl de cholúin Dóracha, cella (naos), pronaos, opisthodomus agus dhá shraith colún istigh sa chella, peidiméid ag an dá cheann.

**(b) 25 marc. (cur síos 15; fáth gur neamhghnách é 10)**

Beidh ábhar maidir leis an gcur síos agus ábhar maidir leis na saintréithe a bhainfidh le chéile agus déanfar na freagraí a mharcáil go huileghabhálach. I measc na ngnéithe ar neamhghnách iad, tá dhá shraith de cholúin taobh istigh, níl pronaos ar bith ann, tá an opisthodomos beag cúng. Chomh maith leis sin, tá colúin na peiristíle fostaithe agus sraith d'fhigiúirí ábhalmhóra mar bhonn taca.

**(c) 5 mharc = An Luathré Clasaiceach. (3 mharc = Clasaiceach.)**

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.**

**(i) (a) 35 marc.**

Ní ligfidh Sócráitéas do na Rialaitheoirí (Gardaí) aon mhaoin phríobháideach a bheith acu seachas an bunriachtanas. I bpáirt a bheidh an chóir tithíochta, daoine eile a chuirfidh bia ar fáil. Ní foláir a insint dóibh nach bhfuil aon ghá acu le hór ná le hairgead mar go bhfuil an t-ór ceart istigh ina gcroí acu. Tá cosc fiú ar lámh a leagan ar na miotail lómhara sin. Má bhíonn siad ina n-úinéirí ar nithe, beidh siad ina bhfír ghnó seachas ina nGardaí "agus ina dtíoránaigh géara" seachas ina bpáirtithe. Nuair a cuireadh ina leith nach ndéanfadh na rialacha sin sona iad, chúitigh seisean nach é an sonas bun na cúise.

Ligeann Sócráitéas don Tríú Aicme úinéireacht a bheith acu ar mhaoin ach deir sé go bhfuil an rórachmas agus an ródhearóile le seachaint. Fágfaidh an róshaibhreas nach toil le daoine saothar a dhéanamh agus fágfaidh an róbhochtaineacht go dtiocfaidh caighdeán na hoibre chun deiridh. D'éireodh na Gardaí freisin díomhaoin dá mbeadh iomarca den tsócúlacht acu agus d'éireoidí réabhlóideach dá mbeidís bocht.

**(b) 15 marc.**

Tá úinéireacht maoin, de réir Phlatón, ar an toisc is mó a tharraingíonn an duine ó dhúthracht a chaitheamh le seirbhís phoiblí. Fágann sé gur sa bhrabús príobháideach is mó a bhíonn suim aige.

Glacfaidh an scrúdaitheoir le roinnt trasnaíola idir (a) agus (b) i bhfreagraí an iarrthóra.

**(ii) (a) 20 marc.**

Cuntas soiléir ar Fháthscéal na hUaimhe maille leis na saintréithe tábhachtacha ar fad atá de dhíth chun marcanna arda a ghnóthú. Ba chóir go mbeadh filleadh an fhealsaimh ar an uaimh mar chuid den chuntas ag an iarrthóir.

**(b) 20 marc.**

Gnóthófar marcanna arda má léirítear tuiscint shoiléir ar an ní atá Platón a chur in iúl leis an bhfáthscéal agus ar an ní atá i gceist le príomhghnéithe an scéil.

**(c) 10 marc.**

Is féidir leis an iarrthóir a rá gur éifeachtach nó nach éifeachtach an fáthscéal ach ní mór an freagra a bheith bunaithe ar eolas faoina bhfuil á rá ag Platón.

**(iii) (a) 25 marc.**

Go bunúsach, áitíonn Platón gurb é an t-aon difríocht thábhachtach amháin idir an fear agus an bhean, go ngineann duine acu leanaí agus go n-iompraíonn an duine eile iad. Ach sin a thabhairt san áireamh, áitíonn sé gur féidir leis an dá inscne an obair chéanna a dhéanamh agus na feidhmeanna céanna a chomhlíonadh. Ba cheart go gcuirfí an t-oideachas céanna ar an mbean agus go ndéanfadh sí a cion go hiomlán ar son an stáit. Ina ainneoin sin, áitíonn sé gur fearr a chomhlíonfaidh an fear a chuid dualgas ná mar a dhéanfaidh an bhean.

**(b) 25 marc.**

Bunaíonn Platón a chuid argóna ar an gcéad dul síos ar chomparáid le madraí faire agus an ceann baineann ag déanamh an chúraim chéanna leis an gceann fireann. Níl éagsúlacht ó thaobh inscne ina bhonn ann féin le hidirdhealú a dhéanamh in aon réimse eile. Cuirtear an oiliúint chéanna ar an madra faire baineann a chuirtear ar an gceann fireann. Cuireann sé an cheist freisin an bhfuil an fear maol agus an fear a bhfuil gruaig fhada air sách éagsúil go ndéanfaí idirdhealú eatarthu sa chaoi a gcaifí leo. Ar an gcaoi chéanna, ní an difríocht idir fear agus bean tábhachtach i ndáil leis an bhfeidhm a chomhlíonann siad.

**(iv) 50 marc. Dealramh.**

Gnóthóidh an t-iarrthóir a théann i ngleic leis an gceist seo agus a tharraingíonn ar eolas faoi *Phoblacht* Phlatón marcanna arda. Ba chóir go mba léir buntáistí agus míbhuntáistí don iarrthóir. I stát Phlatón, tá tús áite ag leas an phobail uile ar shaoirse an duine aonair. Luaitear an saoránach le haicme áirithe agus ní féidir athrú as sin. Níl a leithéid de rud i gceist agus saol teaghlaigh. Déantar cinsireacht ghéar. Níl páirt ar bith ag an saoránach i roghnú na gceannairí ná in aon socrúithe a mbíonn tionchar uathu ar an saol sin acusan. I gcás na nGardaí, is saol crua é mar go mbíonn blianta fada staidéir le déanamh gan aon ní dá bharr ach modh maireachtála ríghortach agus blianta eile le caitheamh ina dhiaidh sin ag treorú an stáit. Ar an taobh eile den scéal, dá mba rud é go bhféadfaí stát idéalach Phlatón a thabhairt i gcrích, ba stát é ina mbeadh comhionannas ar go leor bealaí idir an fear agus an bhean agus ina mbeadh gach saoránach ag déanamh na hoibre a oireann dó. Ní bheadh aon aighneas inmheánach sa stát.

## Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.

- (i) (a) **15 marc. (5 X 3)** B – Teampall Bhéil; C – Fóram; D – Amharclann; E – Sráideanna colúnra; F – Dún Dhióicléitiánas.

(b) **15 marc. (8,7)**

I measc na saintréithe oirthearacha, bheadh na colúin le gach aon taobh de na sráideanna; na braicéidí leath bealaigh suas na cosa ar a mbíodh dealbha tráth; póirseáid leis na cosáin; gnéithe Seimíteacha i dTeampall Bhéil (an cuas crochta os cionn an dhromchla máguaird). Tá spásanna ubhchruthacha freisin ag ceann na sráideanna.

(c) **20 marc. (7,7,6)**

Tá cuntas mion ag Wheeler ar an teampall seo (ll 63 – 4). Beidh an scrúdaitheoir ag lorg **trí cinn** de shaintréithe suntasacha.

- (ii) (a) **5 mharc.** Haidrian.

(b) **15 marc. (5.5.5)**

Póirse domhain le sraitheanna colún, an éagaoineas sa chaoi a dtagann an rotunda agus an póirse le chéile agus an peidiméad Clasaiceach saintréitheach an dá phríomhghné. D'fhéadfaí tagairt a dhéanamh freisin d'inscríbhinn Aigripe, don 'oculus', don bhalla gan mhaisiú taobh amuigh agus do na háirsí intlise.

(c) **30 marc. (8,8,7,7)**

Má aontaíonn an t-iarrthóir le Wheeler, ba cheart go sonrúfaí roinnt gnéithe: an cruinneachán a bhfuil oscailt chruinn ann agus síleáil le painéil báite inti a mbíodh dathadóireacht spleodrach orthu tráth; na cuasáin agus na dealbha iontu, an t-urlár.

- (iii) (a) **5 marc.** Colún Thráian.

(b) **5 mharc.** Gahbáil na Dáicia.

(c) **25 marc.**

Tá cuntas simplí ar an mbís leanúnach gan briseadh a bhfuil míle figiúr agus foirgneamh ann de dhíth. Ní gá go ndéanfaí plé faoi leith sna freagraí ar an geur síos ar an stíl ar leithligh ón gcaoi a 'n-oibríonn sé.' Gluaiseann 'aicsean', mar a deir Wheeler, ar aghaidh ó eachtra go heachtra.

(d) **15 marc.**

Tá figiúirí atá níos faide ón mbreathnaitheoir airde an chinn agus na nguailí níos mó ná figiúirí is gaire dó. Tá an obair i ndáil le rilif ard agus rilif íseal éagsúil go maith le dealbha eile.

- (iv) (a) **5 mharc.** An 4<sup>ú</sup> Stíl.

(b) **30 marc. (10,10,10)**

Beidh an scrúdaitheoir ag lorg **trí cinn** de shaintréithe na stíle seo. Tá gnéithe den fhantaiseacht ag rith leis na príomhghnéithe ailtireachta; tá gnéithe den amharclannaíocht go tréan ann; an úsáid dhrámatúil as dathanna dearga agus dathanna buí; ainmhithe strainséartha.

**(c) 5 marc.** D'fhonn cuma níos gile agus níos fairsinge a chur ar a gcuid seomraí.

**(d) 10 marc.**

Ba cheart go n-ainmneodh an t-iarrthóir an phéintéireacht (e.g. Capall na Traí) nó go léireofaí go soiléir cén phéintéireacht atá i gceist aige. Ba chóir go léireofaí eolas maith sa fhreagra ar an bpéintéireacht a roghnaíodh.